


Plaisteach san fharraige

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin taighde atá déanta ar iasc mara an Atlantaigh. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- pollution
- deep-water
- out on the wild seas
- Atlantic Ocean
- Newfoundland
- Mid-Atlantic Ridge
- she made sense of the tests
- depth
- shallow water
- shore
- toxic matter

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na hainmneacha seo: *Celtic Explorer*, *Institiúid Martin Ryan* agus *Alina Wieczoreka*?
2. Cén fáth a bhfuil iontas ar Mhacdara Ó Cuaig faoi thoradh an taighde?
3. Cad a thuig Macdara i ndiaidh dó an taighde a léamh é féin?
4. Cad is féidir a dhéanamh le dul i ngleic leis an bhfadhb, dar le Macdara Ó Cuaig?

Ceist 3

‘...a dtángthas orthu...’


Cén fhoirm den bhriathar ‘tar’ atá sa sampla thuas?

Líon na bearnaí sa tábla thíos chun na foirmeacha éagsúla de bhriathar saor na mbriathra neamhrialta san aimsir chaite a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

Bí	<i>bhíodhas</i>	<i>ní rabhthas</i>	<i>an rabhthas..?</i>	<i>go rabhthas</i>
Abair				
Beir				
Clois				
Déan				
Faigh				
Feic				
Ith				
Tabhair				
Tar				
Téigh				

Ceist 4 ‘...iarthuaisceart...’

1. Scríobh amach an leagan Gaeilge de gach treo thíos. Cuir an t-alt roimh gach treo freisin, mar shampla: *an t-iarthar*.



2. Bain úsáid as na treoracha thuas chun cur síos beacht a dhéanamh ar an áit ar rugadh thú agus ar an áit a bhfuil tú i do chónaí.

Ceist 5 ‘...siar...’

Féach ar na habairtí seo:

*Chuaigh mé **siar** go hInis Meáin inné. Nuair a bhí mé **thiar** chas mé le cara mór liom. Tháinig mé **aniar** abhaile inniu.*

Cum abairtí ar nós na n-abairtí sin thuas, ag baint úsáid as na grúpaí focail seo a leanas:

1. soir, thoir, anoir
2. ó thuaidh, sa tuaisceart, aduaidh
3. ó dheas, sa deisceart, aneas

4. suas, thuas, anuas
5. síos, thíos, aníos

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh chun dul i ngleic le truailiú na mara?
2. Cad is féidir leat féin a dhéanamh chun gearradh siar ar an méid plaistigh a úsáideann tú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

pollution – *truailliú*
 deep-water – *domhainmhara*
 out on the wild seas – *amuigh ar na farraigí móra*
 Atlantic Ocean – *an tAigéan Atlantach*
 Newfoundland – *Talamh an Éisc*
 Mid-Atlantic Ridge – *Droim an Atlantaigh Láir*
 she made sense of the tests – *bhain sí meabhair as na tástálacha*
 depth – *doimhneacht*
 shallow water – *tanaí*
 shore – *cladach*
 toxic matter – *ábhar tocsaineach*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Is é an briathar saor, aimsir chaite.

Bí	<i>bhíothas</i>	<i>ní rabhthas</i>	<i>an rabhthas..?</i>	<i>go rabhthas</i>
Abair	<i>dúradh</i>	<i>ní dúradh</i>	<i>an ndúradh..?</i>	<i>go ndúradh</i>
Beir	<i>rugadh</i>	<i>níor rugadh</i>	<i>ar rugadh..?</i>	<i>gur rugadh</i>
Clois	<i>chualathas</i>	<i>níor chualathas</i>	<i>ar chualathas..?</i>	<i>gur chualathas</i>
Déan	<i>rinneadh</i>	<i>ní dhearnadh</i>	<i>ar ndearnadh..?</i>	<i>go ndearnadh</i>
Faigh	<i>fuarthas</i>	<i>ní bhfuarthas</i>	<i>an bhfuarthas..?</i>	<i>go bhfuarthas</i>
Feic	<i>chonacthas</i>	<i>ní fhacthas</i>	<i>an bhfacthas..?</i>	<i>go bhfacthas</i>
Ith	<i>itheadh</i>	<i>níor itheadh</i>	<i>ar itheadh..?</i>	<i>gur itheadh</i>
Tabhair	<i>tugadh</i>	<i>níor tugadh</i>	<i>ar tugadh..?</i>	<i>gur tugadh</i>
Tar	<i>thángthas</i>	<i>níor thángthas</i>	<i>ar thángthas..?</i>	<i>gur thángthas</i>
Téigh	<i>rachadh</i>	<i>ní dheachthas</i>	<i>an ndeachthas..?</i>	<i>go ndeachthas</i>

Ceist 4

N – an tuaisceart
 NE – an t-oirthuaisceart
 E – an t-oirthear
 SE – an t-oirdheisceart
 S – an deisceart
 SW – an t-iardheisceart
 W – an t-iarthar
 NW – an t-iarthuaisceart

Ceist 5

Seo roinnt freagraí samplacha ar cheist 5.

1. Chuaigh Máirtín **soir** go Baile Átha Cliath anuraidh. Ta post faighte aige **thoir**, ach tagann sé **anoir** gach deireadh seachtaine.
2. Tá mo thuismitheoirí ina gcónaí sa **tuaisceart** agus téim **ó thuaidh** gach Aoine ar an mbus. Tagaim **aduidh** ar an traein gach Domhnach.
3. Nach raibh tú riamh i **ndeisceart** na tíre? Caithfidh tú dul **ó dheas** lá éigin agus nuair a thagann tú **aneas**, is féidir leat a inse dom faoin turas.
4. Gabh **suas** an staighre agus nuair atá tú **thuas**, glan do sheomra. Ná tar **anuas** arís go dtí go bhfuil sé glanta.
5. Siúlann Máire **síos** go dtí an cladach gach lá. Fanann sé **thíos** ar feadh cúpla uair an chloig sula dtagann sí **aníos** arís.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo ar fheasacht foghlama agus ansin déan cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Léiríonn torthaí nua go bhfuil truailliú plaisteach ag déanamh díobháil mhór d'iasc domhainmhara agus d'ainmhithe mara eile in iarthuaisceart an Atlantaigh. Sin de réir suirbhé a rinne lucht taighde in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Séamus Ó Scanláin

Bád an *Celtic Explorer* ar ancaire i gceantar an duga i gCathair na Gaillimhe. Nuair a bhíonn sí i mbun cúraim áfach, is amuigh ar na farraigí fiáine a bhíonn sí, ag tabhairt ábhar i gcomhair an¹ taighde mara i dtír. In Institiúid Martin Ryan in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag críochnú toradh taighde a rinne sí san Aigéan Atlantach, idir Talamh an Éisc agus Droim an Atlantaigh Láir, ba í an mac léinn PhD, Alina Wieczoreka, a bhain meabhair as na tástálacha sin. Agus léiríodh go príomha go bhfuarthas ábhar plaisteach i mbolg breis is 70% de na héisc lóchrannaigh, nó *lantern fish*, a dtángthas orthu i ndoimhneacht 600 méadar.

Macdara Ó Cuaig, Muireolaí

Ní bheifeá ag súil go mbeadh plaisteach sa 73% a fuair siad amuigh chomh fada sin ó bhaile, mar a déarfá. Bheifeá ag súil, b'fhéidir istigh gar den tanaí anseo, mar tá a fhios ag chuile dhuine² ... feiceann chuile dhuine plaisteach ar an gcladach, agus tá a fhios ag daoine go dtéann sé amach, go dtéann sé i bhfarraige le sruth agus rudaí mar sin. Ach bhí sé seo leath bealaigh idir muid féin agus Ceanada. Agus ní bheifeá ag súil go mbeadh an oiread thiar ansin. Ach ansin, nuair a léigh mé tuilleadh a bhí sa gcáipéis³, bhí tú in ann a thuiscint go raibh siad ag obair in áit a mbíonn sruth ag cruinniú in éineacht. So, nuair a ghabhann⁴ na plaisteacha⁵ beaga seo siar ar an sruth, cruinníonn siad agus sin an áit a raibh an t-iasc.

Séamus Ó Scanláin

Léiríonn an taighde seo nach bhfuil fiú an t-iasc i lár aigéin saor ón truailliú agus go bhféadfadh an t-ábhar tocsaineach dá réir a bheith neadaithe in iasc atá ar phláta an dinnéir. Ach cén leigheas atá ar an scéal?

Macdara Ó Cuaig, Muireolaí

Is é an bun rud ar⁶ cheart do chuile dhuine cuimhneamh air ná nár cheart go mbeadh na plaisteacha seo dul i bhfarraige. Níor cheart go mbeadh muid á scaoileadh amach, níor cheart go mbeadh muid ag úsáid ábhar a bhfuil na mionphlaisteacha⁷ sin iontu, na taois fiacla seo atá ceaptha a bheith iontach. Nuair atá do chuid fiacla glanta, déanann tú dearmad, cá bhfuil sé ag dul? Tá sé ag dul amach i bhfarraige, na plaisteacha beaga.

Séamus Ó Scanláin

Tá an rialtas ag gníomhú a deir sé, ach beidh le feiceáil cén toradh a bheidh air.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

¹ na taighde a dúradh

² gach uile an leagan caighdeánach

³ Córas Chonnacht

⁴ a ghabhann an leagan caighdeánach

⁵ na plaistigh an t-iolra caighdeánach

⁶ ba cheart a dúradh

⁷ mionphlaistigh an t-iolra caighdeánach